# Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2012

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

**Bonnleibhéal**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012**

**CLUASTUISCINT (120 MARC)**

Tá 12 mharc ag dul ar cheisteanna 1, 5, 6, 7 agus 8. Tá 36 mharc ag dul ar cheist 2; 18 marc ar cheist 3 agus 6 mharc ar cheist 4.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceist 1 | (a) | Cúrsa Eolaíochta = an tríú pictiúr | ... 6 marc ) | = 12 marc |
| | (b) | Ag staidéar | ... 6 marc ) | |
| Ceist 2 | (a) | Múinteoir Corpoideachais = an dara pictiúr | ... 18 marc ) | = 36 marc |
| | (b) | Rugbaí | ... 18marc ) | |
| Ceist 3 | | Siopa Rothar = an tríú pictiúr | ... 18 marc ) | = 18 marc |
| Ceist 4 | | An bosca ag an mbarr ar clé. (tic nó saighead) | ... 6 marc ) | = 6 marc |
| Ceist 5 | (a) | Scamallach = an dara pictiúr | ... 6 marc ) | = 12 marc |
| | (b) | Fliuch | ... 6 marc ) | |
| Ceist 6 | (a) | Bhí sé deacair | ... 6 marc ) | = 12 marc |
| | (b) | In Ollmhargadh | ... 6 marc ) | |
| Ceist 7 | (a) | I nGaillimh | ... 6 marc ) | = 12 marc |
| | (b) | Ticéid | ... 6 marc ) | |
| Ceist 8 | (a) | Comórtas Tráth na gCeist Boird | ... 6 marc ) | = 12 marc |
| | (b) | €20 | ... 6 marc ) | |

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) - SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012**

**ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 MARC)**

## Ceist 1: Meaitseáil: 40 Marc

| **Uimhir an phictiúir** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Litir** | J | G | H | D | B | A | E | F | I | C |

10 x 4 marc = 40 marc

**Ceist 2 50 Marc Freagair do rogha dhá cheann de (a), (b), (c) anseo thíos.**

2(a) Litir

1. 27 Aibreán ... 5 marc)
2. "Teastas Tarrthála Uisce" ... 5 marc)
3. Ar an Trá Bhán ... 5 marc) = 25 marc
4. Dhá lá ... 5 marc)
5. Oifigeach Pearsanra ... 5 marc)

2(b) Bróisiúr

1. Oileán Acla ... 5 marc)
2. Gaeilge ... 5 marc)
3 Sa chúigiú haois déag ... 5 marc) = 25 marc
4. Na radhairc ... 5 marc)
5. Brat gorm ... 5 marc)

2(c) Scéal Nuachta

1. Cill Chainnigh ... 5 marc)
2. Crann ... 5 marc)
3. Trealamh iascaireachta ... 5 marc) = 25 marc
4. 400m ... 5 marc)
5. Dearg ... 5 marc)

**Ceist 3 60 Marc Freagair do rogha dhá cheann de (a), (b), (c) anseo thíos**

3(a) Alt

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Éadaí ó na caogaidí | ... 6 marc) | |
| 2. | "Rockabilly" | ... 6 marc) | |
| 3. | "*Thosaigh sí ag canadh i gclubanna"* | ... 6 marc) | = <u>30 marc</u> |
| 4. | Jools Holland | ... 6 marc) | |
| 5. | 2003 | ... 6 marc) | |

3(b) Giota

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | I mBaile Átha Cliath | ... 6 marc) | |
| 2. | Lúthchleasaíocht | ... 6 marc) | |
| 3. | 1908 | ... 6 marc) | = <u>30 marc</u> |
| 4. | Pátrún | ... 6 marc) | |
| 5. | *smionagar* | ... 6 marc) | |

3(c) Véarsaí

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Cat ... 6 marc) | | |
| 2. | Ar chúl an tí | ... 6 marc) | |
| 3. | *N'fheadar* | ...6 marc) | = <u>30 marc</u> |
| 4. | Roimh oíche | ... 6 marc) | |
| 5. | Os comhair na tine | ... 6 marc) | |

**Ceist 3 – Nótaí faoi fhreagraí eile atá inghlactha**

**Ceist 3 (a) Mír 3**

Glac leis na freagraí seo ar 6 marc.

*Thosaigh sí ag canadh i gclubanna (agus gan í ach sé bliana déag d'aois).*
*(ag) canadh i gclubanna.*
*Thosaigh sí i gclubanna.*

Glac leis na freagraí seo ar 4 marc.

*Thosaigh sí ag obair i gclubanna.*
*Thosaigh sí ag canadh.*

Glac leis na freagraí seo ar 3 marc.

*Ag canadh*
*Ag obair i gclubanna*

*Iomarcaíocht:-*
*An t-eolas i gceart ach dhá abairt ón sliocht scríofa …… Pionós -2*

**Ceist 3 (b) Mír 5**

Glac leis na freagraí seo ar 6 marc.

*(as) Smionagar*
*Smionagar ó Shráid Sackville*
*(as) an smionagar a bhí fágtha ar Shráid Sackville (tar éis éirí amach na Cáscai 1916) .*
*Sa bhliain 1917 ………… i 1916 (i.e. an abairt ina hiomláine).*

Iomaracaíocht: abairt bhreise -2.

**Ceist 3 (c) Mír3**

Glac leis na freagraí seo ar 6 marc.

*N'fheadar (in aon chor ) (cá dtéann sí)*
*Bailíonn sí léi (de sciuird).*
*Líne 1+2 as Véarsa a dó.*
*Líne 3+4 as Véarsa a dó.*

*4 Marc (pionós -2) ar line 2+3 le chéile*
*4 Marc (pionós -2) ar an Véarsa iomlán.*

*Náid (0 marc) ar líne 2 leis féin.*

# <u>ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 MARC)</u>

*Comhairle speisialta faoi chumas, faoi chumarsáid, faoi chruinneas Gaeilge, faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem' agus faoi ábhar neamhghnách.*

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe, nuaíocht an iarrthóra a thuiscint.

<u>Cumas Cumarsáide</u>:

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh di/dó a chomhlíonadh.

<u>Cruinneas Gaeilge</u>:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge.
(ii) Cruinneas gramadaí;
(iii) Foclóir - cruinneas foclóra;
(iv) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

<u>Ábhar nach bhfuil 'ad rem'</u>:

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach fo-cheiste.

<u>Ábhar Neamhghnách</u>:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**<u>N.B.</u>**: Ná glac le Béarla.

Má dhéantar an dá rogha, marcáil an dá cheann agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnógacha thart ar an marc is isle. Cuir an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

An t-iomlán carnach a bhreacadh isteach ag bun leathnaigh 14 agus 16.

Ceist 4    40 Marc   Freagair (a) **NÓ** (b)

(a)    Fógra

Cumas Cumarsáide = 30 marc)
                                                                  = 40 marc
Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

(i) Leagan Amach ……………………... 1 marc

- Iarracht ar fhógra: Tic leis an bhfocal Fógra agus san imeall = 1 marc

(ii) Treoracha …………………………….29 marc

Cuir tic le gach freagra do na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 = 4 = 4
- Pictiúr 4 = 4 = 4

CUM (30) = 30

Cruinneas Gaeilge    CR (10) = 10

40

=======

**Pictiúr 1:**

**Cén Rud a bheidh ar siúl? 4 Marc**

Glac le tagairt d'aon ceann díobh seo:

- Céilí Dioscó; Céilí; Dioscó (Glac le droch litriú anseo); Damhsa; Rince; Comórtas rince etc.

3 Marc i gcás aon cheann díobh seo:

- Ceol nó Ceolchoirm; Oíche ceoil; Seisiún Ceoil

**Cén áit a mbeidh sé? 4 Marc**

- Caithfidh áit chinnte a bheith luaite.

Glac leo seo ar 4 marc:

- Sa Scoil; I mBarnados; I gClub Oíche (ainmnithe); In óstán (ainmnithe); I Halla na scoile/an bhaile.

Pionós (-1) i gcás ionad éiginnte:

- Sa Halla; I Halla; In Óstán

Pionós (-2) i gcás ainm áite leis féin.

LÉIRIÚ:

| | | |
|---|---|---|
| An dá chuid i gceart | Pictiúr 1 = 4 +4 = 8 | nó |
| An chéad ceann i gceart | Pictiúr 1= 4 +0 = 4 | nó |
| Gan iarracht ar an dara ceann | Pictiúr 1= 4 + - = 4 | |

(agus mar an gcéanna tríd síos)

**Pictiúr 2:**

**Cén lá? 4 Marc**

Bronn 4 marc ar

- aon lá ainmnithe; inniu, amárach, anocht, ag an Deireadh seachtaine, gach Luan (Máirt etc.)

Bronn 3 marc (i.e. pionós -1)ar

- An tseachtain seo chugainn (éiginnteacht)
- Inné, aréir, ar maidin, Dé Luain seo chaite etc., (toisc an t-am a bheith mí-oiriúnach).

Bronn 2 marc (i.e.Pionós -2)ar:

- An tseachtain seo caite

**Cén Dáta: 3 Marc**

Bronn 3 Marc ar

- Dáta agus an mhí litrithe m.sh. 4 Bealtaine 2012
- Dáta gan bhliain m.sh 4 Bealtaine nó 4ú Meitheamh

Bronn 2 Marc (i.e. pionós -1)ar

- Figiúirí loma m.sh. 3/6/12
- 3ú/6 nó 3/6 nó 3-6
- 3ú (lá); 2ú mí

**Cén t-am? 3 Marc**

- Glac le am ar bith atá ciallmhar.

**Cén Cead isteach.  3 Marc**

- Teastaíonn tagairt do suim airgead atá réasúnta.
- Glac le Ticéid, Cead isteach, airgead, Táille (€)5
- Bheadh an comhartha "€" riachtanach i gcás figiúirí loma. Pionós -1 muna bhfuil sé ann.

**Pictiúr 3:**

**Cén t-aoi speisialta:**

- Tagairt do "Jedward" ag teastáil agus ionramháil de shaghas.

Pionós -1 i gcás

- Ainm/ainmneacha eile le ionramháil.
- "Jedward" lom gan ionramháil.

Pionós -2 i gcás

- Ainm eile gan ionramháil (-2)

**Pictiúr 4:**

**Cá rachaidh an t-airgead?**

4 Marc ar Ionramháil nó insint oiriúnach mar shampla:

- Rachaidh an t-airgead go (do) Barnados
- Ar son Barnados
- Seic/Airgead/Bronntanas do Barnados.
- Airgead ag dul go (dtí) Barnados
- Comhartha (saighead etc.) a chiallaíonn gur ar son Barnardos atá an oíche.

pionós -1

- má luaitear "Barnados" gan ionramháil.
- má luaitear ainm eile seachas "Barnardos".

Cruinneas Gaeilge a mheas as 10 marc.

**Nó**

(b) Foirm Iarratais

Tasc → Foirm Iarratais a líonadh a bhfuil "ceisteanna" le freagairt agus "alt beag" a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.

Cumas Cumarsáide = 30 marc)
= 40 marc
Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

<u>An Córas Marcála</u>

| | | |
|---|---|---|
| Uimhir theileafóin | ½ marc | 1 marc |
| Seoladh | 1 marc | 2 marc |
| Aois | ½ marc | 1 marc |
| Dáta Breithe | 1 marc | 2 marc |
| Scileanna Ríomhaireachta | ½ marc | 1 marc |
| Cén Scrúdú Teistiméireachta | ½ marc | 1 marc |
| Cúig Ábhar scoile sa scrúdú | 5 marc | 10 marc |
| Trí Spórt ar féidir a mhúineadh | 3 marc | 6 marc |
| An ndéanann tú traenáil go rialta? | ½ marc | 1 marc |
| An féidir leat snámh? | ½ marc | 1 marc |
| An mbeidh tú sásta obair gach Sath | ½ marc | 1 marc |
| Taithí ar pháistí a mhúineadh? | ½ marc | 1 marc |
| Cuir tic leis an data don agallamh | ½ marc | 1 marc |
| Dáta (ag bun na foirme) | ½ marc | 1 marc |
| | **15 marc** | **30 ÷ 2 = 15** |

(Ba chóir na marcanna bronnta a léiriú os cionn gach mír agus suimiú a bhreacadh isteach ar dheis)

**<u>N.B.</u>: Ná bíodh ½ marc le feiceáil in aon áit (m.sh. 21 ÷ 2 = 10<u>½</u> = 11 marc)**

(ii) An tAlt Beag. 15 marc

- Marcáil as (15) má tá an t-alt "ad rem", agus as (5) muna bhfuil sé "ad rem".
- Thart ar 40 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta - (m.sh. mura bhfuil ann ach 20 focal agus é a bheith "ad rem", déanfar an t-alt a marcáil as (15) marc agus bainfear 50% den marc bronnta).

Léiriú Samplach (15) = $12\text{-}3_f = 9$

nó (5) = $2\text{-}1_f = 1$

Suimigh agus léirigh na marcanna don Chumas Cumarsáide

Bronn marc as 10 don Chruinneas Gaeilge san iarracht iomlán.

Léiriú Samplach

CUM (30) = 24
CR (10) = 8

32

- <u>**Ná glac le Béarla.**</u>
- **Treoir mar atá thuas i dtreo na mioncheisteanna.**
- Glac le nodaireacht ar bith ach é a bheith cumarsáideach.
- Ná gearr pionós faoi dhó ar dhrochlitriú.

**Dáta breithe**:

- Glac le figiúirí ar nós 2/12/94 nó 2-4-95 gan pionós.
- Glac le iarracht mar "Márta '94" ( má litrítear an mhí, gan an lá a bheith luaite), gan pionós.
- Bheadh pionós -1 i gceist má fhágtar an bhliain ar lár.

**An Aois:**

- Ba chóir go mbeadh an aois agus an dáta breithe ag réiteach lena chéile.

**Cúig Ábhair Scoile:**

- Glac leis go bhfuil leagan Gaeilge le drochlitriú sna hiarrachtaí seo: Matha, Mathamataic nó Mathamaitic.
- Glac leis go bhfuil leagan Béarla ann le Math, Mathamatics nó Maths.

**Trí Spórt**:

- Glac leis go bhfuil leagan Gaeilge le drochlitriú sna hiarrachtaí seo: Saccar, Sacer, Socar,
- Glac leis go bhfuil focal béarla má scríobhtar Socer, Soccer, Saccer.
- Muna bhfuil "ú" san iarracht ar an bhfocal "Snúcar" ar éigin a bheadh sé inghlactha mar leagan Ghaeilge.

**An t-Alt:**

- Beidh an t-alt ad rem má tá sé soiléir go bhfuil aigne an iarrthóra dírithe ar obair in Ionad Spóirt nó ar bheith ag obair in Ionad Spóirt.
- Níl méid áirithe tagairtí ag teastáil.
- Bronn marc don Chumarsáid as 15 má tá an t-alt "ad rem" nó as 5 muna bhfuil.

Muna bhfuil 40 focal ann bain an céatadán cuí den mharc bronnta mar atá léirithe

Ceist 5   50 Marc   Freagair (a)  **NÓ**  (b)

(a) Cuntas

Cumas Cumarsáide = 37 marc )
= 50 marc
Cruinneas Gaeilge = 13 marc )

Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh do Iris Na Scoile bunaithe ar **"Picnic faoin Tuath leis an gClub Óige"** mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide = 37 marc

- Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide.
- Cuir tic le gach tagairt atá inghlactha.
- Bain 5 marc ar gach pointe atá in easnamh. M.sh. ($37-5_t = 32$) nó ($37-10_t = 27$) etc. a léiriú.
- Déanfar an mharcáil don chumarsáid as an marc atá fágtha.
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den marc bronnta: (mar shampla:- mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a marcáil as 37 marc agus timpeall 50% a bhaint den marc bronnta).

Samplaí:

60 focal san iarracht agus tagairt in easnamh ($37-5_t = 32$); Cum (32) = $27 - 9_f = 18$

45 focal san iarracht agus dhá thagairt in easnamh ($37-10_t = 27$); Cum (27) = $20 - 10_f = 10$

An Cruinneas Gaeilge cruinneas a mheas as 13 marc. CR(13) =7

Suimigh na marcanna. Cum (32) = $27 - 9_f = 18$
CR(13) = 7

25

Tá cúig thagairt ag teastáil. Cuirtear tic le gach tagairt inghlactha.

Glac leis na tagairtí seo:-

- Tagairt oiriúnach amháin don aimsir
- Tagairt don mhodh taistil …. Ag dul go dtí an t-ionad picnic.

- Tagairt don turas bus abhaile.
- Tagairt don áit nó do na radhairc.
- Tagairt do na daoine eile a bhí ann.
- Tagairtí do na himeachtaí a bhí ar siúl.
- Ag bádóireacht, ag seoltóireacht, ag iascaireacht, (ach ná glac le "ag snámh"), ag siúlóid, ag siúl na gcnoc, ag éisteacht le ceol, ag damhsa (rince), ag canadh, ina suí ag boird picnic,ag freastal, ag cócaireacht, ag caint, ag gáire, ag ithe, ag ól.
- Tagairt don bhia : Burgairí agus ispíní (le ionramháil)
- Ag bailiú bruscair, ag glanadh suas.
- Ag filleadh abhaile.
- Costas.
- Tuairim faoin bpicnic agus faoin lá leis an gClub Óige

Léiriú na marcanna mar atá thuas.

========

**Nó**

(b) Eachtra

| | | |
|---|---|---|
| Cumas Cumarsáide = 37 marc ) | | |
| | | = 50 marc |
| Cruinneas Gaeilge = 13 marc ) | | |

Tasc → Scríobh faoi Eachtra a tharla **agus tú amuigh ag Dioscó le do chara.**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach maraon le aon tagairt amháin eile le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eacthra.
- Cuir tic le gach tagairt atá inghlactha.
- Bain 5 marc ar gach pointe atá in easnamh. M.sh. ($37\text{-}5_t = 32$) nó ($37\text{-}10_t = 27$) etc. a léiriú.
- Déanfar an mharcáil don chumarsáid as a marc atá fágtha.
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá <u>timpeall</u> 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den marc bronnta: (mar shampla:- mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a marcáil as 37 marc agus timpeall 50% a bhaint den marc bronnta).

  Samplaí:

60 focal san iarracht agus tagairt in easnamh ($37-5_t = 32$); Cum (32) = $27 – 9_f = 18$

Tá cúig thagairt ag teastáil, ceann do gach phictiúr.
Muna bhfuil dhá thagairt do phictiúr a trí glac le tagairt amháin eile a fhad's atá an cur síos leanúnach.

Pic 1
Tagairt do aon cheann díobh seo:

An dioscó, an ceol, an cluboíche, na soilse, an craic, na héadaí, na daoine, an t-am, cé chomh déanach is a bhí sé.

Pic 2
Tagairt do aon cheann díobh seo:

Ag fágáil an dioscó,ag iarraidh an bus a fháil, bheith déanach don bhus, an bus imithe, an t-am, an aimsir, fearg/díomá, cáineadh, milleán á chur ar duine éigin.

Pic 3(a)
Tagairt do aon cheann díobh seo:

Ag siúl abhaile, a bheith fuar/ar buile, ag agóint, airgead ar an dtalamh, cé mhéad airgead, iontas, ag piocadh suas, áthas.

Pic 3 (a)
Tagairt do aon cheann díobh seo:

tacsaí ag teacht/ag stopadh. Ag dul isteach sa tacsaí.

Pic 4
Tagairt do aon cheann díobh seo:

An turas sa tacsaí, ag íoc as, sóinseáil, airgead fós acu, ocras, bialann, an t-am, ag ithe.
Tuairim faoin oíche.

Léiriú na marcanna mar atá thuas.

45 focal san iarracht agus dhá thagairt in easnamh ($37-10_t = 27$); Cum (27) = $20 – 10_f = 10$

An Cruinneas Gaeilge a mheas as 13 marc. CR(13) = 7

Suimigh na marcanna mar atá léirithe i gcás cuid (a)

**Tugadh an treoir seo a leanas do na scrúdaitheoirí ar fad:**

Níor mhiste do gach Príomhscrúdaitheoir Comhairleach gach a leanann seo a chur in iúl do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha.

Níor mhiste do na Scrúdaitheoirí Comhairleacha é seo a leanas a chur in iúl dá Scrúdaitheoirí:

Sa chás go dtagann scrúdaitheoir trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe speisialta ó thaobh scrúdaithe de ar fáil dó/di

- níor mhór don scrúdaitheoir a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici

- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh marcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh

- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an Scéim Mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.

## CLUASTUISCINT

**Ceist a hAon:** Is mise Helen Ní Bhroin. Tá mé sa chéad bhliain ar chúrsa eolaíochta san Institiúid Teicneolaíochta anseo i gCorcaigh. Is tiománaí tacsaí í mo mham agus tá mo dheartháir Eoin ina Gharda i Luimneach. Téim amach i measc na sléibhte i gContae Ciarraí le club dreapadóireacht de ghnáth ag an deireadh seachtaine. Tugann an dreapadóireacht sos maith ón staidéar dom. Ach an deireadh seachtaine seo chugainn **ní bheidh** mé ag dreapadóireacht. Beidh mé ag staidéar go dian don scrúdú.

**Ceist a Dó:** Haigh! Diarmaid De Faoite anseo. Is breá liom mo phost mar mhúinteoir anseo i Luimneach. Múinim Corpoideachas do na déagóirí sa scoil. Ta halla breá spóirt sa scoil againn, suite idir an leabharlann agus an seomra adhmadóireachta. Imríonn na daltaí Sacar agus Cispheil agus gach saghas spóirt eile sa halla toisc nach bhfuil aon pháirc imeartha acu, 'sé an Rugbaí mo rogha spórt agus imrím Rugbaí le mo chlub go rialta.

**Ceist a Trí:** *Ar an mbóthar.....clog rothair ag bualadh!*

**Bean**: Gabh mo leithscéal ach an bhfuil 'fhios agat cá bhfuil an Siopa Rothar? Ta rud éigin bunoscionn leis an rothar seo.

**Fear**: Tá gan dabht a chailín, tá. Téigh thar an ngaráiste agus féach ar dheis ag an mBanc. Tá siopa crua-earraí ag cúinne na sráide ansin agus feicfidh tú an siopa rothar in aice leis.

**Bean**: Go raibh míle maith agat.

**Fear** Tá fáilte romhat. Bí cúramach ar do rothar! Slán.

**Ceist a Ceathair:** *Ar an mbóthar…gluaisteán ag stopadh.*

**Fear**: Gabh mo léithscéal. An bhfuil 'fhios agat cá háit a bhfuil an Séipéal sa bhaile seo? Tá mé déanach

don phósadh.

**Bean**: Tá gan dabht. Téigh díreach ar aghaidh chomh fada leis an gcrosbhóthar. Cas ar clé ansin. Lean ar aghaidh go dtí an garáiste agus ansin cas ar dheis. Tá an Séipéal ag barr an bhóthair ansin.

**Fear**: Díreach ar aghaidh, cas ar clé agus ansin ar dheis. Go raibh míle maith agat.

**Bean**: Tá fáilte romhat. Slán.

**Ceist a Cúig:** Agus anois, an aimsir. Cé go bhfuil sé breá grianmhar faoi láthair, éireoidh sé scamallach san iarnóin agus fanfaidh sé scamallach don cheolchoirm mhór i bPáirc an Chrócaigh anocht. Ní bheidh aon bháisteach ann in aon chor. Mar sin, bain taitneamh as an gceolchoirm má tá tú ag dul ann. A mhalairt de scéal amárach. Leathfaidh báisteach trasna na tíre ón deisceart roimh mhaidin agus beidh ceathanna troma ann i ngach ceantar i rith an lae.

**Ceist a Sé: Nuala**: Haigh, a Phóil, conas a thaitin an scrúdú Mata leat ar maidin?

**Pól**: Cheap mé go raibh mé maith go leor ag an Mata ach bhí an scrúdú sin ar maidin an-deacair ar fad.

**Nuala**: Cheap mise go raibh sé éasca.

**Pól**: Ag magadh fúm atá tú, a Nuala! Bíonn an Mata maith go leor agam de ghnáth ach cheap mé go raibh an scrúdú Mata ar maidin an deacair. Bhí gach aon cheist ródheacair domsa.

**Nuala**: Ná bí buartha, a Phóil, is gear anois go mbeidh deireadh leis na scrúduithe ar fad.

**Pól**: Buíochas le Dia! An bhfuil post faighte agat don samhradh, a Nuala?

**Nuala**: Tá post páirtaimseartha faighte agam i siopa faisin. Is breá liom éadaí faiseanta. Beidh orm a bheith ag obair gach deireadh seachtaine.

**Pól**: Níl sé sin ródhona a Nuala. Tá post **oíche** faighte agamsa don samhradh.

**Nuala**: Ná habair liom, a Phóil, go mbeidh tú ag obair i dteach tábhairne?

**Pól**: Ní hea. Beidh mé ag obair sa seomra stórais san ollmhargadh. Beidh mé ag líonadh seilfeanna agus ag ullmhú an tsiopa i rith na hoíche. Beidh mé ag tosú gach oíche ar a deich a chlog agus ag críochnú go luath ar maidin.

**Nuala**: Is dócha go gcaithfidh tú an lá ar fad sa leaba mar sin. Eíreoidh tú leisciúil!

**Pól**: Beag an baol, a Nuala. Beidh mé ag imirt sacair gach tráthnóna. Ní raibh mé riamh leisciúil!

**Ceist a Seacht: Ciara**: Ní fhaca mé a t-am ag an gcomórtas Lúthchleasaíochta i dTulach Mhór ag an deireadh seachtaine thú, a Eoin.

**Eoin**: Bhí mé san Ospidéal i nGaillimh, a Chiara, mar ghortaigh mé mo rúitín nuair a bhí mé ag traenáil.

**Ciara**: Chaill tú dhá lá iontacha, a Eoin, mar bhí an-spórt againn.

**Eoin**: Ar bhuaigh tú aon rás?

**Ciara**: Tháinig mé sa dara háit sa rás ocht gcéad méadar Dé Sathairn, ach bhí mé sa chéad áit sa rás ceithre chéad méadar Dé Domhnaigh!

**Eoin**: An chéad áit sa rás ceithre chéad méadar! Comhghairdeas!

**Ciara**: **Agus**, beidh mé ag dul go dtí na Cluichí Oilimpeacha i Londain í mí Iúil!

**Eoin**: **Tusa** ag rith sna **cluichí Oilimpeacha**? Ní chreidim é!

**Ciara**: Bíodh ciall agat a Eoin, ní bheidh mé ag rith ach beidh mé **i láthair** ag féachaint ar an lúthchleasaíocht agus ar an maratón i Londain. Bhuaigh mo mháthair péire ticéad i gcomórtas ar an raidio, agus beidh mé ag dul ann léi.

**Eoin**: Nach ortsa atá an t-ádh!

**Ciara**: Ná bí buartha, a Eoin, ceannóidh mé T-léine dheas duit!!

**Ceist a hOcht:** *Ar an mbóthar.....*

**Liam**: Haigh, a Mháire, fan liom nóiméad.

**Máire**: Cén scéal, a Liam?

**Liam**: Ar chuala tú go mbeidh comórtas Tráth na gCeist Boird sa Chlub Óige, oíche Dé hAoine seo chugainn? Beidh duais trí chéad euro ann don fhoireann is fearr.

**Máire**: Níor chuala. An mbeidh tú ag glacadh páirte ann?

**Liam**: Beidh, cinnte. Is breá liom Tráth na gCeist. Tá triúr againn ar an bhfoireann cheana féin. Tá an ceathrú duine ag teastáil. An mbeifeá sásta bheith ar an bhfoireann linn, a Mháire?

**Máire**: Mise? Á ní dóigh liom go bhfuil mórán ar eolas agamsa!

**Liam**: Tá gach rud ar eolas agatsa faoi réaltaí scannáin agus cúrsaí scannánaíochta, a Mháire.

**Máire**: Tá, gan dabht ach níl suim agam i gcursaí polaitíochta ná i gcúrsaí spóirt.

**Liam**: Ná bí buartha faoi sin. Fág an pholaitíocht fúmsa, beidh Clíodhna againn do na ceisteanna spóirt agus beidh Jason ag deighleáil le cúrsaí reatha. Beidh tusa thar barr mar an ceathrú duine ar an bhfoireann. An dtiocfaidh tú linn mar sin?

**Máire**: Tiocfaidh, a Liam, go raibh maith agat.

**Liam**: Seo, tabhair cúig euro dom le do thoil. Tá táille iontrála fiche euro le híoc ag gach foireann.

**Máire**: Nach tusa an rógaire! Seo, tar liom go dtí mo theachsa agus gheobhaidh mé an t-airgead ó mo Mham.